

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 8 Meitheamh 2022 – an Ungáir v an Coimisiún**

(Cás T-104/22 R)

**(Bearta idirlinne – Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa – Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 – Doiciméid de thionscnamh Ballstáit – Iarratas ar oibriú ordaithe a fhionraí – Fumus boni juris – Éigeandáil – Comhardaithe leasanna)**

(2022/C 294/45)

Teanga an cháis: an Ungáiris

**Páirtithe***Iarratasóir:* an Ungáir (ionadaithe: M. Fehér agus G. Koós, i gcáil Gníomhairí)*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: C. Ehrbar, A. Spina agus A. Tokár, i gcáil Gníomhairí)**Maidir le:**

Trína hiarratas bunaithe ar Airteagal 278 agus Airteagal 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí fionraí ar fhorghníomhú Chinneadh (CBES) 2022/351 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021, arna ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001, maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, lch. 43), maidir leis an iarratas dearbhúcháin GestDem 2021/2808 chun rochtain phoiblí ar dhoiciméid arna n-eisiúint ag na húdaráis sin a ráthú.

**An chuid oibríochtúil**

- 1) Fionraítear forghníomhú Chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh an 14 Nollaig 2021, arna ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001, maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, lch. 43), maidir leis an iarratas dearbhúcháin GestDem 2021/2808 chun rochtain phoiblí ar dhoiciméid arna n-eisiúint ag na húdaráis sin a ráthú.
- 2) Forchoimeádtar na costais.

**Caingean arna tabhairt an 18 Feabhra 2022 – Arhs developments v an Coimisiún**

(Cás T-88/22)

(2022/C 294/46)

Teanga an cháis: an Béarla

**Páirtithe***Iarratasóir:* Arhs developments SA (Belvaux, Lucsamburg) (ionadaithe: P. Teerlinck, M. Gherghinaru agus L. Panepinto, Dlíodóirí)*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh ARES (2022) 1027365 an 11 Feabhra 2022, lenar chinn an Coimisiún nár éirigh le tairiscint an iarratasóra sa nós imeachta Soláthair DIMOS V – Luchtóg 2 (BUDG. Ref: BUDG19/PO/04, COM. Ref: BUDG/2020/OP/0001) a chur ar neamhní;
- a ordú don Choimisiún EUR 6 945 492,50 a íoc leis an iarratasóir, arna mhéadú le hús cúiteach ón dáta a glacadh an cinneadh a chonspóidtear go dtí dáta bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta ina mbeidh an measúnú breithiúnach ar méid an damáiste, agus ansin le hús mainneachtana ó dháta an bhreithiúnais lena mbunaítear an oibleagáid an damáiste a shlánú, go dtí go ndéanfar íocaíocht iomlán;